Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0107(COD)**

**9722/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**DRS 32**
**COMPET 476**
**ECOFIN 594**
**FISC 99**
**CODEC 882**
**PARLNAT 169**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gCéad Léamh d'fhonn go nglacfaí an TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Glactha ag an gComhairle an 28 Meán Fómhair 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Aibreán 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Treoir[1] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 21 Meán Fómhair 2016[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Márta 2019[3].

4. Tugadh sainordú caibidlíochta[4] don Uachtaránacht an 3 Márta 2021. Tionóladh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha ar an iomlán.

5. An 17 Meitheamh 2021, chuir Cathaoirligh an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) agus an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) litir chuig an Uachtaránacht á rá go molfaidís do Shuí iomlánach na Parlaiminte go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle a fhormheas gan leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig an bParlaimint ar bhonn foirmiúil san fhoirm sin inar cuireadh i láthair é san Iarscríbhinn a ghabh leis an litir sin.

## II. CUSPÓIR

Faoin Treoir seo, ceanglaítear ar ghnóthais ilnáisiúnta áirithe an cháin ioncaim a íocann siad mar aon le faisnéis ábhartha eile a nochtadh go poiblí i dtuarascáil ar leith. Beidh ar ghnóthais ilnáisiúnta, le hioncaim is mó ná EUR 750m, na ceanglais trédhearcachta bhreise seo a chomhlíonadh. Den chéad uair, beidh na hoibleagáidí tuairiscithe céanna ar chuideachtaí ilnáisiúnta neamh-Eorpacha a dhéanann gnó san Aontas trína bhfochuideachtaí agus a mbrainsí, agus a bhíonn ar ghnóthais ilnáisiúnta de chuid an Aontais.

---

[1] 7949/16
[2] 12641/16
[3] P8_TA(2019)0309
[4] 6399/21

Comhlánaíonn an togra na hoibleagáidí tuairiscithe airgeadais reatha atá ar ghnóthais faoi Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta) agus ní chuireann sé isteach ar na ceanglais sin i ndáil lena ráitis airgeadais, mar shampla maidir lena gcuntais bhliantúla a fhoilsiú.

Ní mhodhnaítear leis an togra seo na rialacha atá i bhfeidhm cheana maidir le tuairisciú neamhairgeadais agus CBCR earnálach i gcás earnáil na baincéireachta agus i gcás na dtionscal eastóscach agus lománaíochta araon. Mar sin féin, tugtar isteach díolúine chun an tuairisciú dúbailte a sheachaint i gcás earnáil na baincéireachta, rud atá faoi réir rialacha diana cheana féin maidir le tuairisciú poiblí i reachtaíocht baincéireachta an Aontais.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Nóta ginearálta

Chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta ar mhaithe le teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas sa riocht sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

Le linn na caibidlíochta, bhí na comhreachtóirí in ann teacht ar chomhréiteach ag tús mhí an Mheithimh 2021. Áirítear ar phríomhphointí an chomhréitigh ar thángthas air leis an bParlaimint na pointí seo a leanas:

- **Comhiomlánú/dí-chomhiomlánú na faisnéise tuairiscithe:** Ní bhunaítear dí-chomhiomlánú ach (i) i gcás Bhallstáit an Aontais, (ii) i gcás dlínsí cánach tríú tíortha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, agus (iii) i gcás dlínsí cánach tríú tíortha a luaitear in Iarscríbhinn II de na conclúidí céanna ón gComhairle don dá bhliain dheireanacha as a chéile.

- **Clásal cosanta:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí fad tréimhse an chlásail choimirce a choinneáil go 5 bliana.

- **Faisnéis atá le foilsiú:** Comhaontaíodh an tsaincheist sin ar bhonn shainordú athbhreithnithe na Comhairle.

- **Teimpléad coiteann, formáid tuairiscithe leictreonach agus foilsiú faisnéise:** Comhaontaíodh an tsaincheist sin ar bhonn shainordú athbhreithnithe na Comhairle.

- **Clásal athbhreithniúcháin:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil 4 bliana tar éis an dáta trasuite.

- **Ráiteas ón iniúchóir reachtúil:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí nach féidir leis an iniúchadh ach seiceáil fhíorasach a dhéanamh ar fhoilsiú na tuarascála, agus ní ar a bhfuil inti.

- **Tréimhse thrasuí:** Tá tréimhse thrasuí 18 mí curtha ar bun.

## IV. CONCLÚID

Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin le litir ó Chathaoirligh an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) agus an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI), ar litir í a seoladh chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 17 Meitheamh 2021. Chuir Cathaoirligh ECON agus JURI in iúl sa litir sin go molfaidh siad do chomhaltaí Choistí ECON agus JURI, agus ina dhiaidh sin don Suí Iomlánach, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, ar dhara léamh Pharlaimint na hEorpa, a fhormheas, faoi réir fíoraithe a dhéanfaidh dlítheangeolaithe an dá institiúid.